**Leasú 10**
**Tonino Picula, Kati Piri, Juozas Olekas**
thar ceann Ghrúpa S&D

**Tuarascáil A9-0166/2020**
**Dragoş Tudorache**
Tuarascáil maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhlachais AE le Poblacht na Moldóive (2019/2201(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 17**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 17. ag aithint na hiarrachtaí a rinne údaráis na Moldóive chun na moltaí a leagtar amach sna tuarascálacha bliantúla maidir leis an sásra fionraíochta víosaí a chur chun feidhme; ag moladh go leanfaí le cur chun feidhme na dtagarmharcanna a bhaineann leis an mbeartas maidir le léirscaoileadh víosaí, agus ag iarraidh ar na húdaráis leanúint de na hiarrachtaí sin chun tagarmharcanna léirscaoilte víosaí a shásamh, go háirithe i réimsí an fhrith-éillithe, chun na breithiúna a neartú, chun an reachtaíocht i gcoinne sciúradh airgid a chur i bhfeidhm agus chun gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an méadú ar iarratais tearmainn gan bhunús; i ndáil leis sin, is cúis imní di an méadú atá tagtha ar líon na náisiúnach ón Moldóiv atá ag fanacht go neamhdhleathach i limistéar Schengen+ (méadú 47 %) agus an méadú atá tagtha ar iarratais ar thearmann (méadú 48 %); ag tathant ar údaráis na Moldóive na gealltanais a tugadh i gcomhthéacs an chórais maidir le léirscaoileadh víosaí i dtaca le limistéar Schengen i réimse an bhainistithe imirce éifeachtaigh a chur chun feidhme tuilleadh agus cearta tearmainn a áirithiú d’iarratasóirí ó thríú tíortha i bPoblacht na Moldóive; | 17. ag aithint na hiarrachtaí a rinne údaráis na Moldóive chun na moltaí a leagtar amach sna tuarascálacha bliantúla maidir leis an sásra fionraíochta víosaí a chur chun feidhme; ag moladh go leanfaí le cur chun feidhme na dtagarmharcanna a bhaineann leis an mbeartas maidir le léirscaoileadh víosaí, agus ag iarraidh ar na húdaráis leanúint de na hiarrachtaí sin chun tagarmharcanna léirscaoilte víosaí a shásamh, go háirithe i réimsí an fhrith-éillithe, chun na breithiúna a neartú ***agus*** chun an reachtaíocht i gcoinne sciúradh airgid a chur i bhfeidhm; i ndáil leis sin, is cúis imní di an méadú atá tagtha ar líon na náisiúnach ón Moldóiv atá ag fanacht go neamhdhleathach i limistéar Schengen+ (méadú 47 %) agus an méadú atá tagtha ar iarratais ar thearmann (méadú 48 %) ***arna ndéanamh ag saoránaigh de chuid na Moldóive i mBallstáit AE***; ag tathant ar údaráis na Moldóive na gealltanais a tugadh i gcomhthéacs an chórais maidir le léirscaoileadh víosaí i dtaca le limistéar Schengen i réimse an bhainistithe imirce éifeachtaigh a chur chun feidhme tuilleadh agus cearta tearmainn a áirithiú d’iarratasóirí ó thríú tíortha i bPoblacht na Moldóive; |

Or. en